6069. M6C

6069L001G2IC

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta

# Gaeilge

Páipéar II

Gnáthleibhéal

2 uair 20 nóiméad

200 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**
**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

**Ceist 1: An Léamhthuiscint (100 marc)**
Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Ceist 2: An Prós (50 marc)**
Freagair A (Prós Ainmnithe) **nó** B (Prós Roghnach).

**2A.** Prós Ainmnithe (leathanach 8)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**2B.** Prós Roghnach (leathanach 9)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**Ceist 3: An Fhilíocht (50 marc)**
Freagair A (Filíocht Ainmnithe) **nó** B (Filíocht Roghnach).

**3A.** Filíocht Ainmnithe (na leathanaigh 10 – 12)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**nó**

**3B.** Filíocht Roghnach (leathanach 13)
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

| CEIST 1 | – LÉAMHTHUISCINT – | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Seanchaisleán Stairiúil ar Oileán Carraigeach

**1.** Is seanchaisleán stairiúil é Caisleán na Cathrach. Tá sé suite ar oileán carraigeach ar Abhainn na Siúire i gContae Thiobraid Árann. Sa bhliain 1142, thóg Conchúr Ó Briain an chéad chaisleán san áit. Ón mbliain 1375 ar aghaidh, bhí cónaí ar theaghlach de mhuintir de Buitléir ann ar feadh beagnach sé chéad bliain. Sa bhliain 1961, fuair Tiarna deireanach na Cathrach bás agus bronnadh an foirgneamh ar an stát. Tá an caisleán faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí anois. Osclaíodh an caisleán don phobal den chéad uair sa bhliain 1971. Is féidir le daoine cuairt a thabhairt ar Chaisleán na Cathrach agus eolas a chur ar scéal an chaisleáin féin.



**2.** Nuair a tógadh Caisleán na Cathrach, bhí a lán buntáistí aige mar chaisleán cosanta. Cuireadh rudaí éagsúla ann chun áit chónaithe shábháilte a dhéanamh de. Tógadh balla láidir timpeall an chaisleáin, agus tógadh geata calafoirt sa bhalla. Bhí poill lámhaigh sna túir arda agus sna ballaí. Chomh maith leis sin, cuireadh doirse ísle, pasáistí cúnga agus staighrí lúbacha taobh istigh den fhoirgneamh féin. Chabhraigh na rudaí seo go mór chun an caisleán a chosaint. Níor leor iad, áfach. Sa bhliain 1599, d'ionsaigh Iarla Essex agus arm Bhanríon Eilís I, Caisleán na Cathrach le gunnaí móra. Gabhadh an caisleán tar éis trí lá.

**3.** Tá a lán turasóirí ag teacht ar cuairt go dtí an caisleán meánaoiseach seo ó osclaíodh é sa bhliain 1971. Bíonn siad ábalta dul ar thurais threoraithe agus tugann an treoraí eolas dóibh faoi stair mhuintir de Buitléir. Faigheann na cuairteoirí eolas ar shaol na ndaoine a bhí ina gcónaí agus ag obair sa chaisleán ar feadh beagnach sé chéad bliain. Chomh maith leis sin, bíonn taispeántas closamhairc ann a thugann léiriú ar stair an chaisleáin. Tá radhairc iontacha cois abhann le feiceáil ó bharr túir ar a dtugtar túr an tobair. Ach is é an halla mór croílár an chaisleáin. Rinneadh an halla a atógáil sa bhliain 1840. Maisiúcháin agus troscán ón am sin atá le feiceáil sa halla anois. Tá adharca ollmhóra fia crochta ar bhalla ann. Cuireann siad seo go mór leis an atmaisféar meánaoiseach sa halla.

**4.** Tá baint ag an bhfiontraí Charles Bianconi le stair na Cathrach, an baile ina bhfuil an caisleán suite. Tháinig Bianconi go hÉirinn sa bhliain 1802 agus gan é ach sé bliana déag d'aois. Fuair sé post mar dhíoltóir pictiúr d'fhoilsitheoir i dtús báire. Chaith Bianconi bliain go leith ag siúl ó bhaile go baile i gContae Thiobraid Árann ag díol pictiúr dó. Ní raibh córas poiblí taistil ag formhór na mbailte in Éirinn ag an am sin. Bhí plean ag Bianconi: chuir sé féin córas iompair ar bun. Ar an 15 Iúil 1815, chuir Bianconi capaill agus cóiste ar an mbóthar idir Cluain Meala agus an Chathair. Cé nár éirigh rómhaith leis an gcóiste ar dtús, chuir Bianconi an dara cóiste ar an mbealach céanna. D'éirigh lena phlean agus ba ghearr go raibh an dá chóiste ag déanamh go maith.

| | |
|---|---|
| **5.** Tá buntáistí breise, seachas an caisleán, ag an gCathair mar ionad turasóireachta. Tá siúlóidí deasa i sléibhte an cheantair. Osclaíodh Bealach Gorm na Siúire sa bhliain 2019. Is féidir le daoine dul ag siúl, ag rothaíocht agus ag cadhcáil ón gCathair go Carraig na Siúire. Tugann daoine cáiliúla cuairt ar an gCathair freisin. Ar an 25 Márta 2022, thug Prionsa Séarlas, mar a bhí air ag an am, agus a bhean chéile, Camilla, cuairt ar an gceantar. Bhuail siad le táirgeoirí agus le díoltóirí bia ag margadh na feirme, | cóngarach do Chaisleán na Cathrach. Bhuail siad le daltaí scoile agus le baill de ghrúpaí pobail eile chomh maith. Sheinn Comhaltas Ceoltóirí na Cathrach ceol traidisiúnta do na cuairteoirí. Ghlac Prionsa Séarlas páirt sa seisiún nuair a bhain sé triail as an mbodhrán a sheinm. Seans b'fhéidir go bhfillfidh Rí Séarlas agus Banríon Camilla lá éigin amach anseo chun níos mó ama a chaitheamh sa bhaile stairiúil, an Chathair. *Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla* |

**1.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin áit a bhfuil Caisleán na Cathrach suite. (Alt 1)

(b) Scríobh síos **dhá** rud a tharla sa bhliain 1961. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Luaigh **dhá** cheann de na rudaí a cuireadh sa chaisleán chun áit chónaithe shábháilte a dhéanamh de. (Alt 2)

(b) Cad a rinne Iarla Essex agus arm Bhanríon Eilís I sa bhliain 1599? (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cén sórt eolais a thugann an treoraí do na cuairteoirí a théann ar thurais threoraithe? (Alt 3)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin halla mór. (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Cén post a fuair Bianconi nuair a tháinig sé go hÉirinn i dtús báire? (Alt 4)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin gcóras iompair a chuir Bianconi ar bun. (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Scríobh síos **dhá** bhuntáiste, seachas an caisleán, atá ag an gCathair mar ionad turasóireachta. (Alt 5)

(b) Luaigh **dhá** ghrúpa a bhuail le Prionsa Séarlas agus lena bhean chéile, Camilla, ag margadh na feirme. (Alt 5)

(10 marc)

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Scannáin Ghaeilge

**1.** Tá an scannán *An Cailín Ciúin* bunaithe ar an scéal *Foster* leis an údar cáiliúil, Claire Keegan. Chuaigh *Foster* go mór i bhfeidhm ar an stiúrthóir, Colm Bairéad, nuair a léigh sé den chéad uair é. Thuig sé ar an bpointe go raibh ábhar scannáin sa scéal. I Meán Fómhair 2020 fuair sé féin agus an léiritheoir, Cleona Ní Chrualaoi, cead ó TG4 agus ón eagraíocht Fís Éireann dul ar aghaidh agus an scannán *An Cailín Ciúin* a dhéanamh. Rinneadh an scannánaíocht ar feadh cúig seachtaine idir mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2020. Taifeadadh formhór an scannáin ar dhá fheirm atá gar dá chéile i gContae na Mí. Tá an scéal suite ar dhá fheirm dhifriúla timpeall na bliana 1981. Bhí sé tábhachtach go mbeadh an dá theach feirme oiriúnach don tréimhse sin.




**2.** Sa scannán *An Cailín Ciúin* insítear scéal Cháit, cailín naoi mbliana d'aois as teaghlach mór. Bíonn uirthi an samhradh a chaitheamh le muintir Chinsealaigh. Insítear an scéal go hiomlán trí shúile Cháit. Labhraíonn na daoine timpeall uirthi ach fanann Cáit ciúin agus tógann sí gach rud isteach. Is í Catherine Clinch, cailín óg atá dhá bhliain déag d'aois, a ghlac an phríomhpháirt sa scannán. Bhí sí ag freastal ar Scoil Bhríde, scoil lán-Ghaeilge i Raghnallach, nuair a chuala sí go raibh aisteoir óg le Gaeilge líofa á lorg. Thaifead a tuismitheoirí triail Catherine don scannán agus sheol siad an taifeadadh ar aghaidh chuig lucht déanta an scannáin. Bhí sé socraithe ag Catherine agus a teaghlach dul go Corcaigh ar laethanta saoire nuair a fuair siad an dea-scéal gur éirigh le Catherine páirt Cháit a fháil sa scannán. Bhí sceitimíní an domhain orthu.

**3.** D'éirigh thar barr leis an scannán *An Cailín Ciúin* ag na gradaim *IFTA 2022*: bronnadh ocht ngradam ar fad air. Bronnadh an phríomhdhuais don scannán ab fhearr air. Thug an réalta óg, Catherine Clinch, an gradam léi don aisteoir mná ab fhearr dá ról mar Cháit. Bhí áthas ar an bhfoireann ar fad. Dúirt an léiritheoir, Cleona Ní Chrualaoi, nach raibh siad ag súil leis an dea-thoradh sin. Thaitin an scannán go mór leis an lucht féachana in Éirinn agus thar lear. Tá gaisce déanta ag foireann *An Cailín Ciúin* mar gurb é an scannán Gaeilge is fearr ar éirigh leis riamh in Éirinn agus sa Bhreatain é. Chomh maith leis sin, roghnaíodh an scannán le dul in iomaíocht ar son na hÉireann i ngradaim na n*Oscar* sa rannóg don scannán idirnáisiúnta is fearr.

**4.** Tá ag éirí go maith leis an scannán Gaeilge *Róise agus Frank* freisin. Is scannán greannmhar éadromchroíoch, iontach é. Cónaíonn Róise léi féin i nGaeltacht na nDéise. Tá a fear céile, Frank, marbh. Lá amháin tagann madra ar strae chuig a teach agus leanann sé timpeall na háite í. Síleann Róise go léiríonn an madra tréithe daonna Frank. Tá dúil mhór sa stéig agus san iománaíocht aige agus is maith leis suí i gcathaoir Frank. Ceapann muintir na háite agus a mac féin, Alan, go bhfuil Róise craiceáilte. Ag an am céanna téann an madra i bhfeidhm ar bhuachaill óg áitiúil, Maidhcí. Níl Maidhcí go maith ag an iománaíocht. Cabhraíonn an madra seo leis scileanna an chluiche a fhoghlaim. Cheannaigh *Juno Films* na cearta ar an scannán *Róise agus Frank*. Bhí plean acu é a thaispeáint i bpictiúrlanna i Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtús 2023.

| | |
|---|---|
| **5.** Níl aon dabht ach go bhfuil ag éirí go maith le scannáin Ghaeilge na laethanta seo. Tá beocht faoi leith iontu i láthair na huaire. Tá na scannáin seo ar fad in ann seasamh leo féin in aon phictiúrlann ar fud an domhain. Fuair na scannáin seo deontais airgid ó *Cine4*. Is scéim mhór le haghaidh fadscannáin Ghaeilge é *Cine4*. Thosaigh sé sa bhliain 2017. Bord Scannán na hÉireann | agus Údarás Craolacháin na hÉireann a chuir an t-airgead ar fáil don scéim. Tá *Cine4* ag dul ó neart go neart ó thosaigh sé. Is iontach an rud é go bhfuil saothar agus tallann Éireannach ag dul in iomaíocht ar an stáitse domhanda, agus is iontach an rud é go bhfuil an Ghaeilge aitheanta ar fud an domhain anois. *Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla* |

**1.** (a) Cad a thuig Colm Bairéad nuair a léigh sé *Foster* den chéad uair? (Alt 1)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin scannánaíocht féin. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Luaigh **dhá** rud faoi charachtar Cháit sa scannán *An Cailín Ciúin*. (Alt 2)

(b) Cad a bhí socraithe ag Catherine agus a teaghlach nuair a fuair siad an dea-scéal gur éirigh le Catherine páirt Cháit a fháil sa scannán? (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Luaigh **dhá** ghradam IFTA a bhuaigh an scannán *An Cailín Ciúin* sa bhliain 2022. (Alt 3)

(b) Cén gaisce atá déanta ag foireann an scannáin seo? (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** cheann de na tréithe daonna a léiríonn an madra sa scannán *Róise agus Frank.* (Alt 4)

(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin mbuachaill óg áitiúil, Maidhcí. (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Luaigh **dhá** rud a léiríonn go bhfuil ag éirí go maith le scannáin Ghaeilge na laethanta seo. (Alt 5)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais mar gheall ar *Cine4*. (Alt 5)

(10 marc)

| CEIST 2 | PRÓS – AINMNITHE nó ROGHNACH | (50 marc) |
|---|---|---|

**Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).**

| A | – PRÓS AINMNITHE – | (50 marc) |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a) Oisín i dTír na nÓg**

Freagair na ceisteanna thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg.*

(i) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin lá ar bhuail Niamh Chinn Óir le hOisín agus leis na Fianna.
(ii) Luaigh **dhá** phointe eolais faoin sórt saoil a bhí ag Niamh Chinn Óir agus Oisín i dTír na nÓg.
(iii) Cad a dúirt Niamh Chinn Óir le hOisín nuair a bhí an t-each bán á thabhairt aici dó chun filleadh ar Éirinn?
(iv) Scríobh síos **dhá** rud a tharla d'Oisín nuair a d'fhill sé ar Éirinn.
(v) Luaigh **dhá** fháth ar mhaith le Pádraig Naofa Oisín a bheith leis ar a thurais ar fud na hÉireann.

(25 marc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* **nó** faoin dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis**

Déan cur síos ar an gcomhrá idir Pól agus Catherine ar an turas traenach.

(25 marc)

**NÓ**

**An Lasair Choille**

Déan cur síos ar an méid a tharlaíonn idir Séamus agus Míoda ón uair a thagann sí go dtí an teach.

(25 marc)

**(c) Dís**

Freagair an cheist thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

'Hé! Táim anso! Sheáin! Táim anso! Táim sa pháipéar.'
Tabhair cuntas ar shaol bhean Sheáin agus ar an maidin a ndearna sí an suirbhé.

(25 marc)

| B | – PRÓS ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan cur síos ar an gcineál duine é an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal agus ar na rudaí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.* (2 mharc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat sa scannán sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa scannán.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**NÓ**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is mó a thaitníonn leat sa dráma sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa dráma.

(23 marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

**(c)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghearrscéal sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

## CEIST 3 FILÍOCHT – AINMNITHE nó ROGHNACH (50 marc)

**Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).**

### A – FILÍOCHT AINMNITHE – (50 marc)

Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c).

**(a) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

(i) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin gcuma atá ar an bhfear i véarsa 1-4.
(8 marc)

(ii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin sórt duine é an fear sa véarsa deireanach.
(8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)
(9 marc)

**Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora fíniúna).

**(b) Géibheann**

(i) Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) den ainmhí a thugtar dúinn sna línte 1-8 den dán.

(8 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an gcineál saoil atá ag an ainmhí sna línte 9-12**.** (Is leor **dhá** phointe eolais**.**)

(8 marc)

(iii) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoi na daoine a thugann cuairt ar an ainmhí sna línte 13-17 den dán.

(9 marc)

### Géibheann

**1.** Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

**9.** ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

**13.** tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

**(c) Colscaradh**

(i) (a) Cár mhaith leis an bhfear cónaí?
(b) Scríobh síos **dhá** rud a theastaigh ón bhfear ar leac a thine.
(c) Cad a tharla ag deireadh an dáin?

(8 marc)

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an saghas duine í an bhean i véarsa a dó den dán.
(Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(iii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán *Colscaradh*, dar leat?
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin mothúchán sin sa dán.

(9 marc)

**Colscaradh**

Shantaigh sé bean
i nead a chine,
faoiseamh is gean
ar leac a thine,
aiteas is greann
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste,
dídean is searc
is leath den chíste,
saoire thar lear
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

| B | – FILÍOCHT ROGHNACH – | (50 marc) |
|---|---|---|

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**
Freagair do rogha **dhá** cheann as (a), (b) nó (c) thíos.
**Níl cead an dán roghnach céanna a úsáid faoi dhó.**

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(9 marc)

(ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin íomhá (faoin bpictiúr) sin.

(7 marc)

(iii) Scríobh síos rud **amháin** a thaitníonn leat agus rud **amháin** nach dtaitníonn leat faoin dán seo.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cén téama atá sa dán, dar leat?
Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin téama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat.
Mínigh an íomhá (pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.**

**Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge – Páipéar II

2 uair 20 nóiméad